# Seinnliostaí

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am, meastachán<br>Uimhreas – oibríochtaí, codáin, céatadáin<br>*Comhtháthú – Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna – straitéisí éagsúla a roghnú agus a chur i bhfeidhm chun tascanna agus tionscadail a chomhall nó chun fadhbanna a réiteach<br><br>Cumarsáid agus cur in iúl – éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br><br>Réasúnaíocht – réasúnú go córasach i gcomhthéacs matamaiticiúil |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | deich mbliana, uaireanta, nóiméid, soicindí, leath, ceathrú, ar a laghad |
| **Áiseanna** | aip shrutha ceoil e.g. Spotify, YouTube, bileog acmhainne an dalta |

## Cur síos ar an nGníomhaíocht

Pléigh leis na daltaí conas a d'athraigh an tslí a n-éisteann daoine le ceol thar am; tháinig aipeanna srutha in ionad ceirníní, téip chaiséid agus dlúthdhioscaí.

Tabhair an áis do na daltaí chomh maith le treoracha chun a seinnliosta féin a chruthú. Iarr orthu taighde a dhéanamh ar chineálacha difriúla ceoil, éisteacht le hamhráin dhifriúla agus iad a phlé le baill chlainne. Iarr orthu nóta a dhéanamh d'amhráin ba mhaith leo a chur ar a seinnliosta.

Iarr ar na daltaí seinnliosta a chruthú chun critéir a chomhlíonadh, sampla tugtha ar an mbileog acmhainne.

Iarr ar na daltaí taighde a dhéanamh ar fhad na n-amhrán agus iad a ríomh chun a seinnliostaí a chruthú.

Iarr orthu a gcuid seinnliostaí a roinnt le daltaí eile sa rang, ag tabhairt údair lena gcuid fáthanna. Mar shíneadh féideartha, d'fhéadfaidís na ceoltóirí nó amhráin is mó a thaitníonn le daoine a fhiosrú. D'fhéadfaidís aip shrutha/bogearraí eagarthóireachta fuaime a úsáid chun éisteacht lena gcuid seinnliostaí.

Déan cinnte nach mbeidh rochtain ag daltaí ar ábhair cosúil le liricí nó ealaín albaim nach bhfuil oiriúnach dá n-aois.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén fhad a mhaireann Amhrán X?<br>• Cén fhad a mhaireann Amhrán X agus Y san iomlán? | • Conas a ríomhaimid fad na seinnliostaí?<br>• Conas a d'oibríomar seinnliostaí amach blianta ó shin, do thuairim?<br>• Conas a dhéanann tú cinneadh faoi na hamhráin a théann ar sheinnliosta?<br>• Dá mbeadh ort seinnliosta a chruthú do go leor daoine d'aoiseanna agus de chúlraí éagsúla, conas a dhéanfá sin?<br>• Cén tionchar atá ag na hamhráin a athrú ar do sheinnliosta? |

## Difreáil

Laghdaigh/méadaigh fad an tseinnliosta de réir thuiscint na ndaltaí.

Socraigh critéir an tseinnliosta de réir thuiscint na ndaltaí, ag scafláil de réir mar is cuí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Seinnliostaí

Tá tú i mbun ceol a chasadh ag fleadh popcheoil a mhairfidh 2 uair a chloig. Tosóidh sé ar 8:00 i.n. agus rachaidh sé ar aghaidh go dtí 10:00 i.n. Níl cead agat cead ceol ar bith a chasadh ina dhiaidh seo. Ba mhaith leis na heagraithe tú a bheith i láthair le hamhráin a chasadh leathuair sula dtosaíonn sé. Cruthaigh seinnliosta don am a mbeidh tú i láthair. Tosaigh leis na 1960idí agus roghnaigh cúig amhrán, ar a laghad, ó thréimhsí éagsúla de dheich mbliana. Beidh an duine is óige ag an bhfleadh 9 mbliana d'aois. Déan iarracht cloí leis na treoirlínte seo agus tú ag cruthú do sheinnliosta:

- Caithfidh amhráin bheith idir 2 nóiméad go leith agus 6 nóiméad ar fad;
- Roghnaigh leathchuid de na hamhráin ó ghrúpaí agus leath ó cheoltóirí aonaracha;
- Caithfidh aon cheathrú de na hamhráin ar a laghad a bheith ó cheoltóirí Éireannacha.